



Dublin Institute for
Advanced Studies

ANNUAL REPORT 2011

Institiúid Ard-Léinn
Bhaile Átha Cliath

TUAIRISC BHLIANTÚIL 2011



Clár Ábhair

Ráiteas an Chathaoirligh	3
Scoil an Léinn Cheiltigh	7
Scoil na Fisice Cosmaí	19
Scoil na Fisice Teoiriciúla	29
Riarachán agus Airgeadas	33
An Fhoireann	34
Ráitis Airgeadais	59

Contents

Chairman's Statement	2
School of Celtic Studies	6
School of Cosmic Physics	18
School of Theoretical Physics	28
Administration and Finance	32
Staff	34
Financial Statements	39

Chairman's Statement

The Dublin Institute for Advanced Studies is dedicated to the pursuit of advanced fundamental research in Physics and Celtic Studies. The focus of its work is on the creation of new knowledge, advanced training and the dissemination of this knowledge for the benefit of the wider academic community. Whilst DIAS is small in size relative to the overall national academic community, it enjoys a high international profile and it makes a significant contribution to the development of the subject areas of its constituent Schools.

Despite the budgetary challenges, 2011 was a very productive year for all of the Schools. This is demonstrated by the level of research activity in terms of projects, publications, lectures, workshops, and conferences that are described in the Annual Report of the Schools. This summary report gives a general account, for each School, of the main developments that took place in research during 2011. More detailed information on the research activities of the Schools can be found in their respective annual Research Reports.

It is very heartening to see the level of opportunities offered by each of the Schools for postgraduate training. This was greatly strengthened during 2011 by the number of high profile international conferences hosted by the Schools on specialist research topics. The high level of attendance reflects the standard of these academic events. The XIV International Celtic Congress, co-hosted by the School of Celtic Studies and held in NUIM, attracted more than 600 scholars from all over the world. It is a very important conference for academics involved in Celtic Studies and this was the third time that it has been held in Ireland. There was also a Celtic Studies Summer School which was very well attended by national and international scholars. A new Summer School in the developing new area of astroparticle physics was initiated by the School of Cosmic Physics, in association with UCD. Astroparticle physics is regarded as one of the exciting frontier areas of modern physics and the workshop attracted many international scholars. The Irish Geophysics Graduate Programme was also launched during 2011. It was initiated in partnership with a number of Universities and under the programme, courses in specialist topics in geophysics are made available to national and international students and academics free of charge.

Each of the Schools continued to engage with the wider public through their Statutory Public lectures and outreach programmes. Outreach activities in Astronomy and Physics were extended last year with a developed programme of public and school-based activities at Dunsink Observatory. The School of Cosmic Physics' Seismology in Schools programme was extended during the year. The School of Celtic Studies was very pleased to be asked to digitise a primer of Irish Grammar from the 16th century for presentation to Queen Elizabeth II on her visit to Ireland last year. The original manuscript is retained in Farnleigh House and the book was originally given to Queen Elizabeth I as her "Irish Primer". A digitised copy of the manuscript is now available on the School's Irish Script on Screen website.

Senior staff members of the Schools received prestigious awards during the year for contributions they have made to the development of their subject areas. Professor Werner Nahm of the School of Theoretical Physics was elected to the Fellowship of the Royal Society in May. Another senior member of DIAS, Professor Luke Drury, who is the Director of the School of Cosmic Physics, was elected to the office of President of the Royal Irish Academy. These are very well deserved honours for the members of staff themselves and indeed for DIAS. I would like to take this opportunity to formally congratulate both of them on their achievements.



The Registrar, Cecil Keaveney, Professor Dervilla Donnelly and Chairman of Council, Dr. Vincent Cunnane.

An Cláraitheoir, Cecil Keaveney, An tOllamh Dervilla Donnelly agus Cathaoirleach na Comhairle, An Dr. Vincent Cunnane.

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (DIAS) tiomanta do ard-bhuntaighde sa Fisic agus sa Léann Ceilteach. Tá an obair seo dírithe ar eolas nua a chruthú, ardoiliúint agus scaipeadh an eolais seo chun tairbhe an phobail acadúil níos leithne. Cé gur foras atá in DIAS i gcomparáid leis an bpobal acadúil náisiúnta ar an iomlán, tá próifíl ard idirnáisiúnta aici agus cuireann sí go mór le forbairt réimsí ábhair na gcomhscoileanna.

D'ainneoin na ndeacrachtaí buiséid, bliain an-táirgiúil ab ea 2011 do na Scoileanna uile. Léirítear é seo ag leibhéal na gníomhaíochta taighde i dtéarmaí na dtionscadal, na bhfoilseachán, na léachtaí, na gceardlann, agus na gcomhdhálacha a dtugtar cur síos orthu i dtuarascáil bhliantúil na Scoileanna. Tugann an tuarascáil achomair seo cuntas ginearálta, ar gach Scoil, agus ar na príomhfhorbairtí a tharla sa taighde le linn na bliana 2011. Is féidir eolas níos mionsonraithe ar ghníomhaíochtaí taighde na Scoileanna a fháil sna Tuarascálacha Taighde bliantúla faoi seach.

Ábhar misnigh is ea leibhéal na ndeiseanna a chuireann gach ceann de na Scoileanna ar fáil d'oiliúint iarchéime. Cuireadh go mór leis seo le linn 2011 ag líon na gcomhdhálacha idirnáisiúnta ardiomrá a d'eagraigh na Scoileanna ar thopaicí taighde speisialta. Léiríonn an leibhéal ard tinrimh caighdeán na n-ócáidí acadúla seo. Mheall an XIV Comhdháil Cheilteach Idirnáisiúnta, arna chomh-óstáil ag Scoil an Léinn Cheiltigh agus lonnaithe in OÉ Má Nuad, 550 scoláire ó gach cearn den domhan. Comhdháil an-tábhachtach atá ann don lucht acadúil atá ag gabháil don Léann Ceilteach agus ba í seo an tríú huair gur tionóladh in Éirinn í. Bhí Scoil Samhraidh sa Léann Ceilteach ann freisin le tinreamh maith ó scoláirí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Thiomsaigh Scoil na Fisice Cosmaí, i gcomhar le UCD, Scoil Samhraidh nua i réimse nua na fisice réalt-cháithníní. Breathnaítear ar an Fhisc Réalt-Cháithníní mar cheann de na réimsí fionnachtana spreagúla san fhisc nua-aimseartha agus mealladh neart scoláirí idirnáisiúnta chuig an gceardlann. Seoladh an Clár Éireannach Geo-eolaíochta do Chéimithe freisin le linn 2011. Cuireadh ar bun é i gcomhpháirt le roinnt Ollscoileanna agus faoin gclár, cuirtear cúrsaí i dtopaicí speisialta sa gheoifisic ar fáil do mhic léinn agus an lucht acadúil náisiúnta agus idirnáisiúnta saor in aisce.

Lean gach ceann de na Scoileanna ag gabháil leis an bpobal níos leithne trína léachtaí poiblí reachtúla agus cláir for-rochtana. Leathnaíodh gníomhaíochtaí for-rochtana sa réalteolaíocht agus san fhisc anuraidh le clár forbartha de ghníomhaíochtaí poiblí agus scoilbhunaithe ag Réadlann Dhún Sinche. Leathnaíodh clár Seismeoilaíocht i Scoileanna de chuid Scoil na Fisice Cosmaí le linn na bliana. Bhí Scoil an Léinn Cheiltigh an-sásta gur iarradh orthu leagan digiteach a chruthú de leabhar ar Ghramadach na Gaeilge ón 16ú haois le bronnadh ar an mBanríon Éilís II nuair a thug sí cuairt ar Éirinn anuraidh. Coinnítear an leabhar i dTeach Farmleigh agus bronnadh an leabhar ar dtús ar an mBanríon Éilís I mar "Irish Primer" di. Tá leagan digiteach den lámhscríbhinn ar fáil anois ar shuíomh gréasáin na Scoile Irish Script on Screen.

Bronnadh gradaim arda ar chomhaltaí sinsearach na Scoileanna i rith na bliana as an méid atá déanta acu chun a réimsí ábhair a fhorbairt. Toghadh an tOllamh Werner Nahm ó Scoil na Fisice Teoiriciúla chuig Compántas an Chumainn Ríoga i mí Bealtaine. Toghadh comhalta sinsearach eile ó DIAS, an tOllamh Luke Drury, atá ina Stiúrthóir ar Scoil na Fisice Cosmaí, ina Uachtarán ar Acadamh Ríoga na hÉireann. Gradaim iad seo atá tuillte go maith ag na comhaltaí foirne féin agus, go deimhin, ag DIAS. Ba mhaith liom an deis seo a thógil chun comhghairdeas a ghabháil leo beirt go foirmiúil as a bhfuil bainte amach acu.

Faoi láthair tá Straitéis á chruthú againn do na cúig bliana seo atá romhainn. Tá an straitéis seo á hullmhú le cúlra ina bhfuil buiséid á laghdú agus athruithe suntasacha sa struchtúr ard-oideachais náisiúnta. Beidh gá le plean láidir d'fhonn a chinntiú go gcoimeádann DIAS an cháil atá aici as scoth an taighde agus go leanann sí di ag cur go mór le forbairt eolaíochta, chultúrtha agus eacnamaíochta na hÉireann.

Chairman's Statement (continued)

We are currently in the process of drawing up a Strategy for the next five years. This strategy is being prepared against a backdrop of reducing budgets and significant changes in the national higher education structure. A robust plan will be required to ensure that DIAS maintains its reputation for research excellence and that it continues to make an important contribution to the scientific, cultural and economic development of Ireland.

DIAS was delighted to welcome three new eminent scientists to its School Governing Boards during the year. Professor Don Zagier (Director, Max Planck Institute for Mathematics, Bonn) and Professor Jürg Fröhlich (Institute for Theoretical Physics, Zurich) took up membership of the Governing Board of the School of Theoretical Physics; Professor Alan Watson (University of Leeds) joined the Governing Board of the School of Cosmic Physics. DIAS is indebted to the members of its Governing Bodies who give voluntarily of their time and expertise for the benefit of DIAS. It is this expert direction and evaluation that ensures that DIAS maintains its high standards of excellence in research. I am grateful to all my colleagues on the Council and on the Governing Boards of the Schools and the staff of DIAS for their commitment and contribution during the past year.

Dr Vincent Cunnane

Chairman of Council

Ráiteas an Chathaoirligh (ar leanúint)

Bhí áthas ar DIAS fáilte a chur roimh thriúr eolaithe iomráiteacha ar Bhoird Bhainistíochta na Scoileanna i rith na bliana. Ghlac an tOllamh Don Zagier (Stiúrthóir, Max Planck Institute for Mathematics, Bonn) agus an tOllamh Jürg Fröhlich (Institute for Theoretical Physics, Zurich) ballraíocht ar Bhord Bainistíochta Scoile na Fisice Teoiriciúla; Tháinig an tOllamh Alan Watson (Ollscoil Leeds) isteach ar Bhord Bainistíochta Scoil na Fisice Cosmaí. Tá DIAS faoi chomaoin do chomhaltáí a mBord Bainistíochta a thugann a gcuid ama agus saineolais go deonach chun tairbhe DIAS. Is í an treoir agus measúnú saineolaíoch seo a chinntíonn go gcoinníonn DIAS a caighdeán arda feabhais sa taighde. Táim buíoch do mo chomhghleacaithe ar fad ar an gComhairle agus ar Bhoird Bhainistíochta na Scoileanna agus d'fhoireann DIAS as a dtiomantas agus as an obair atá déanta acu le linn na bliana seo a chuaigh thart.

Dr Vincent Cunnane

Cathaoirleach na Comhairle

School of Celtic Studies

Annual Report Summary 2011

The triennial Summer School of the School of Celtic Studies took place during the fortnight of 18-29 July. Professor Liam Breatnach was chairman of the organising committee, and all teaching and lectures were by School staff. School Administrator Eibhlín Nic Dhonncha made the arrangements. 46 participants, both undergraduates and graduates attended from Ireland and abroad (Australia, Austria, Canada, China, England, Israel, Italy, Norway, Russia, Scotland, USA, Wales). Language courses were offered in the morning in Old and Modern Irish and afternoons were taken up with lectures on aspects of the culture and literature of Early Irish and Early Modern Irish. Participants had the option of taking a beginners' course in Modern Irish (M. McKenna) or advanced Modern Irish (Pádraig Breatnach), and intermediate Old Irish (C. Downey) or advanced Old Irish (Liam Breatnach). Afternoon lecture sessions dealt with the following topics: 'Law and society in early Ireland' (F. Kelly) (6 lectures); 'Early Irish satire' (Roisin McLaughlin) (6 lectures); 'Mythological literature' (C. Downey) (3 lectures); 'Metre and poetry in the accentual tradition' (P. A. Breatnach)(3 lectures); 'Manuscripts and medical texts 1350-1650' (A. Nic Dhonnchadha) (3 lectures); 'Irish manuscript tradition' (P. Ó Macháin) (3 lectures).

XIVth International Congress of Celtic Studies

The Congress took place on the campus of NUI Maynooth in the week 1-5 August. The organisers were the School of Celtic Studies in conjunction with the School of Irish, NUI Maynooth, and the School of Irish, TCD. The members of the Organising Committee were Professor Liam Breatnach, School of Celtic Studies (Local President), Dr Katharine Simms, School of History, TCD, Professor Damian McManus, School of Irish, TCD, and Professor Ruairí Ó hUiginn, Roinn na Gaeilge, NUI Maynooth. Eibhlín Nic Dhonncha (School of Celtic Studies) gave administrative assistance and Andrew McCarthy, School of Celtic Studies gave IT assistance. More than 600 participants registered from countries around the world and some 370 papers were delivered in parallel sessions throughout the week of the Congress. Nine plenary lectures were delivered, and the Minister for Education and Skills was in attendance for plenary lectures by the Director of the School of Celtic Studies, Professor Pádraig Breatnach, and Dr Elizabeth FitzPatrick (4 August). The Minister addressed the Congress and affirmed the importance of

the position of the humanities in the national educational system.

Book launch, sales

A reception was held in the School of Celtic Studies on 29 July at which Professor Fergus Kelly spoke to mark the publication of *The cult of the sacred centre: Essays on Celtic ideology* by the late Proinsias Mac Cana. The large attendance included Réiltín Bean Mhic Cana and family. This book was one of a series of new publications by various publishers which were launched at a special function on the occasion of the XIV International Congress of Celtic Studies at the National University of Ireland, Maynooth (1 August).

Publications by the School of Celtic Studies sold well at the Congress. A large well-stocked facility was available at NUI Maynooth managed by two staff members from the School for the duration (Jennifer Flynn and Órla Ni Chanainn). Eibhlín Nic Dhonncha (School administrator) and Michelle O Riordan (Publications officer) planned and were responsible for the sales arrangements.

Publications committee; reprints etc.

The publications committee met in March and November (chairman: Liam Breatnach). Liam Breatnach continued as editorial advisor on behalf of the committee for the forthcoming publication *Collectio canonum Hibernensis* (Roy Flechner).



At the book launch of the publication 'The Cult of the Sacred Centre' were The Director of the School Professor Pádraig Breatnach, Professor Fergus Kelly and Réiltín Bn. Mhic Cana.

I láthair ag seloadh an leabhair 'The Cult of the Sacred Centre' bhí Stiúrthóir na Scoile an tOllamh Pádraig Breatnach, an tOllamh Fergus Kelly, agus Réiltín Bean Mhic Cana.

Scoil an Léinn Cheiltigh

Tuarascáil bhliantúil 2011

Scoil Shamhraidh

D'éagraigh Scoil an Léinn Cheiltigh Scoil Shamhraidh i dTeanga agus Litríocht na Gaeilge i rith na coicéise 18-29 Iúil. Reachtálar an Scoil Shamhraidh idirnáisiúnta seo gach trí bliana. An tOllamh Liam Breatnach a bhí mar chathaoirleach ar an gcoiste eagraíochta, foireann na Scoile a sholáthair idir theagasc agus chlár léachtaí, agus ba í riarthóir na Scoile Eibhlín Nic Dhonncha a dhein na socrúithe. Bhí 46 scoláire rannpháirteach, idir fho-chéimithe agus lucht iarchéime, ó Éirinn agus ó dhúthaí iasachta (Alba, An Astráil, An Bhreatain Bheag, An Iodáil, An Iorua, An Ostair, An Rúis, An tSín, Ceanada, Israel, Sasana, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá). D'fhreastail siad ar chúrsaí teanga idir Shean-Ghaeilge agus Nua-Ghaeilge i rith na maidine, agus bhí léachtaí ar ghnéithe éagsúla de chultúr na Luath-Ghaeilge agus na Nua-Ghaeilge Moiche ar siúl san iarnóin. I gcúrsa na Nua-Ghaeilge bhí rogha ann idir cúrsa bun-leibhéil (Léachtóir: Malachy McKenna) agus cúrsa ard-leibhéil (dirithe ar an Nua-Ghaeilge Mhoch) (Léachtóir: Pádraig Breatnach), agus sa tSean-Ghaeilge bhí rogha idir cúrsa mean-leibhéil (Léachtóir: Clodagh Ní Dhubhnaigh) agus cúrsa ard-leibhéil (Léachtóir: Liam Breatnach). Is iad na gnéithe d'oidhreacht na Gaeilge a pléadh sna seisiúin iarnóna ná iad seo: Dlí agus pobal in Éirinn i ré na Sean-Ghaeilge (Fergus Kelly) (6 léacht); Filí na Luath-Ghaeilge agus an Aoir (Roisin McLaughlin) (6 léacht); An Litríocht Mhiotaseolaíochta (Clodagh Ní Dhubhnaigh) (3 léacht); Meadarachtaí na Filíochta Aiceanta (Pádraig Breatnach) (3 léacht); Traidisiún Lámhscríbhinní na Gaeilge (Pádraig Ó Macháin) (3 léacht); Lámhscríbhinní agus Téacsáil Leighis 1350-1650 (Aoibheann Nic Dhonnchadha) (3 léacht).

An XIV Comhdháil Idirnáisiúnta sa Léann Ceilteach

Tionóladh an XIV Comhdháil Idirnáisiúnta sa Léann Ceilteach i Maigh Nuad i rith na seachtaine 1-5 Lúnasa. Scoil an Léinn Cheiltigh i gcomhpháirt le Scoil na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, agus Scoil na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, a d'éagraigh an Chomhdháil. Liam Breatnach, Scoil an Léinn Cheiltigh, a bhí mar Uachtarán Áitiúil ar an gComhchoiste Eagraíochta maraon leis an Dr Katharine Simms, leis an Ollamh Damian McManus (Coláiste na Tríonóide), agus leis an Ollamh Ruairí Ó hUiginn (Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad). Thug Eibhlín Nic Dhonncha tacaíocht riaracháin agus Andy McCarthy tacaíocht teicneolaíochta. Chláraigh breis is 600 scoláire ó thíortha ar fud an domhain le bheith páirteach sa Chomhdháil, agus

léadh 370 éigin de pháipéir i seisiúin chomhuaineacha in imeacht na Comhdhála. Tugadh naoi gcinn de léachtaí lánseisiúin, agus bhí an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn T.D., i láthair ag léachtaí lánseisiúin a thug an tOllamh P. A. Breatnach, Stiúrthóir Scoil an Léinn Cheiltigh, agus an Dr Elizabeth FitzPatrick uathu ar an 4 Lúnasa. Labhair an tAire os comhair na Comhdhála ar an ócáid in aitheasc a dhearbhaigh an tábhacht a bhaineann leis na daonnachtaí sa chóras oideachais náisiúnta, agus d'fhreastal sé ar roinnt imeachtaí eile le linn seachtain na Comhdhála.

Seoladh leabhair, díolacháin

Ag fáiltiú i Scoil an Léinn Cheiltigh ar an 29 Iúil seoladh an leabhar *The cult of the sacred centre: Essays on Celtic ideology* le Proinsias Mac Cana (nach maireann), agus ba é an tOllamh Fergus Kelly a thug an t-aitheasc uaidh. Bhí Réiltín Bean Mhic Cana agus a clann i measc an tslua mhóir a tháinig i láthair i gcomhair na hócáide. Bhí an leabhar seo i measc sraith de leabhair nua ar cuireadh ócáid seolta speisialta ar bun dóibh ag fáiltiú tráthnóna ag tús an XIV Comhdháil Idirnáisiúnta sa Léann Ceilteach i Maigh Nuad (1 Lúnasa).

Bhí ceannach maith ar fhoilseacháin Scoil an Léinn Cheiltigh le linn seachtain na Comhdhála i Maigh Nuad, mar a raibh stáisiún scópúil in áirithe le haghaidh díolacháin agus beirt d'fhoireann na Scoile i bhfeighil air ar feadh an ama (Jennifer Flynn agus Órla Ní Chanainn). Eibhlín Nic Dhonncha agus Michelle O Riordan (an tOifigeach Foilseachán) a bhí freagrach as na socrúithe i gcomhairle le coiste na bhfoilseachán.

Coiste na bhFoilseachán; athchlónna etc.

Tháinig coiste na bhfoilseachán le chéile i mí na Márta agus i mí na Samhna (cathaoirleach: Liam Breatnach). Lean Liam Breatnach i mbun eagarthóireachta ar an saothar *Collectio Canonum Hibernensis* (Roy Flechner) atá cutha faoi bhráid an Choiste.

De bharr an éilimh a bhíonn ar fhoilseacháin na Scoile go leanúnach cuireadh athchló ar na leabhair seo leanas i 2011: *Seanmóna Chúige Uladh, Death Tales of the Ulster Heroes* (Kuno Meyer); *Irish Syllabic Poetry* (Eleanor Knott); *A Guide to Early Irish Law* (Fergus Kelly); *The Irish Penitentials* (Ludwig Bieler); *Gaeilge Chois Fhairrge* (Tomás de Bhaldraithe); *Dicuili Liber de Mensura Orbis Terrae* (J. J. Tierney); *Cnósach Focal Ó Bhaile Bhuirne* (Brian Ó Cuív); *Tromdámh Guaire* (Maud Joynt).

Due to continuing demand for the School's publications the following works were reprinted in 2011: *Seanmónta Chúige Uladh* (Ó Gallchobhair), *Death Tales of the Ulster Heroes* (Kuno Meyer); *Irish Syllabic Poetry* (Eleanor Knott); *A Guide to Early Irish Law* (Fergus Kelly); *The Irish Penitentials* (Ludwig Bieler); *Gaeilge Chois Fhairrge* (Tomás de Bhaldraithe); *Dicuilí Liber de Mensura Orbis Terrae* (J. J. Tierney); *Cnósach Focal Ó Bhaile Bhuirne* (Brian Ó Cuív); *Tromdámh Guaire* (Maud Joynt).

Research and editing

Liam Breatnach continued work on his edition-in-progress of the Old Irish law tract *Córus Bésnai* and the collection of materials for his projected *Grammar of Middle Irish*. He was co-editor of *Ériu*, vol. 61 (published by the Royal Irish Academy). Pádraig Breatnach continued research for the forthcoming volume of studies *The Four Masters and their manuscripts*. As part of this project he prepared a palaeographical inventory of manuscripts written by Cú Coigríche Ó Cléirigh, arranged chronologically based on a comparative text-critical study of the manuscripts' contents. He advanced his edition-in-progress of poems by Dubhthach Óg Ó Duibhgeannáin; completed his edition of *Cuirfead so ionnad a Aodh* (Eochaidh Ó hÉodhusa); worked on several eighteenth-century compositions for the series 'Togha na hÉigse', and on the catalogue of Irish manuscripts in Brussels. Fergus Kelly conducted research for his edition of the legal treatise ascribed to Giolla na Naomh Mac Aodhagáin (*CIH* ii 691.1-699.4). He made progress with his edition of the Old Irish legal tract on marriage disputes (*CIH* i 144.5-150.16) for publication in *Celtica* (2012). Clodagh Downey (Bergin Fellow) continued work on her project to critically edit and translate the extant works of the Middle-Irish author Cúán ua Lothcháin. A large number of manuscripts were consulted as part of continuing comparative analysis of the language, metre, subject matter and background of the material.

Malachy McKenna worked on revisions of his forthcoming monograph, *The Irish of Rann na Feirste: a phonemic study*. He completed the phonemic study and refined the terminological treatment of physical aspects of phoneme production. He made a number of field-trips to Rann na Feirste for purposes of data collection and to maintain contact with informants on whom the research project is dependent. Aoibheann Nic Dhonnchadha continued to catalogue important medieval medical manuscripts from the

collection in Trinity College Dublin (nos. 1314/4, 1319/2/6, 1315, 1341, 1435, 1436). Brian Ó Curnáin advanced work on his monograph on the Irish of East Galway, and made notes on aspects of phonology and grammar. He worked on the transcription, digitisation and cataloguing of recorded material from Connemara and has begun to assemble a database of metadata on particular phenomena (sandhi, accent, vocabulary etc.). Pádraig Ó Macháin continued his research on Irish manuscripts with special emphasis on projects connected with the work of ISOS. He prepared a catalogue description of the Irish Primer written for Elizabeth I which is preserved in Farmleigh House, and he made a detailed study of the relationship between that manuscript and the so-called 'Duanair Nuinseannach' (National Library of Ireland G 992, 'Nugent Manuscript') for publication in 2012. He provided a descriptive account of the history and palaeography of the important manuscript in private hands known as 'The Book of Lismore' (Leabhar Mhic Cárthaigh Riabhaigh) for exhibition at University College Cork. He continued with his edition-in-progress of the unpublished poems of Fearghal Ó Mac an Bhaird, and made a special study of poems composed in youth found in the Scottish manuscript Adv. 72.2.14 (National Library of Scotland) and RIA MS no. 475 (24 P 25) ('Leabhar Clainne Suibhne'). This project is closely linked to other research in which he is concurrently engaged to provide a history of Irish bardic poem-books and miscellanies. Michelle O Riordan worked on her monograph on the cultural context of Irish political poetry of the seventeenth century which will include discussion of senses of Irish identity at the time of the rebellion of 1641 and in the Cromwellian period.

Helen Imhoff (O'Donovan Scholar) continued work on her edition of *Fáistine Airt meic Cuind* and researched the historical background of the text. She completed an article on the manuscripts of the tale *Aided Chonchobair*. Elliot Lash (O'Donovan Scholar) was engaged in research for his project on the development of an automatic parsing template for Old and Middle Irish texts and on the functions of analogy vs. reanalysis in the understanding of linguistic change. Anna Matheson (O'Donovan Scholar) prepared an article on the structure of the Old Irish law text *Do drúthaibh 7 meraibh 7 dásachtaibh* and on the use of the terms *cáepthae* and *finelach* therein. Sorcha Nic Lochlainn (O'Donovan Scholar from September) completed her article 'Making the foreign familiar: the Gaelicisation of the classical ballad'; she commenced a project to make a

Taighde agus eagarthóireacht

Lean Liam Breatnach ag réiteach eagrán den tráchtas dlí Sean-Ghaeilge *Córus Bésgnai* agus choinnigh sé ar aghaidh ag bailiú ábhair dá shaothar *Grammar of Middle Irish*. Bhí sé ina eagarthóir (i gcomhar le D. McManus) ar *Ériu* iml. 61 (Acadamh Ríoga na hÉireann). D'oibrigh Pádraig Breatnach ar thaighde don tsraith staidéar *The Four Masters and their manuscripts* (le teacht). Mar chuid den obair sin réitigh sé clár pailéagrafaíochta in ord croneolaíoch de na lámhscríbhinní uile atá tagtha anuas ó lámh Chú Coigríche Uí Chléirigh, bunaithe ar scrúdú téacs-chriticiúil comparáideach ar ábhar na lámhscríbhinní éagsúla. Choinnigh sé air le obair eagarthóireachta ar dhánta le Dubhthach Óg Ó Duibhgeannáin agus Eochaidh Ó hEódhusa agus ar ábhar don sraith 'Togha na héigse', agus lean sé air ag réiteach chlár lámhscríbhinní na Bruiséile. Bhí Fergus Kelly i mbun taighde ar eagrán de thráchtas dlí atá leagtha ar Ghiolla na Naomh Mac Aodhagáin (*CIH* ii 691.1-699.4). Chuaigh sé chun cinn lena eagrán de thráchtas dlí Sean-Ghaeilge ina bhfuil plé ar chúiseanna idir lánúna pósta (*CIH* i 144.5-150.16), a fhoilseofar in *Celtica* (2012). Bhí Clodagh Downey (Comhalta Uí Amhírgín go Lúnasa) ag gabháil dá tionscnamh chun eagar criticiúil (maraon le haistriúchán) a chur ar shaothar an fhile Mheán-Ghaeilge Cúan ua Lothcháin. Ceadaíodh líon mór lámhscríbhinní mar chuid den obair seo agus cuireadh i gcomparáid iad, deineadh tráchtairacht anailíseach ar an véarsaíocht idir thréithe teanga agus meadarachta agus bunábhair, agus féachadh chun cúlra stairiúil na cumadóireachta a shoiléiriú. Bhí Malachy McKenna ag obair ar leasuithe ar a leabhar, *The Irish of Rann na Feirste: a phonemic study* (le teacht). Chuir sé bailchríoch ar an mion-chur síos fóinéimeach, agus d'oibrigh sé ar sholáthar téarmaíochta ar mhaithe le cur síos ar na coir fhisiciúla a bhaineann le gníomh na hurlabhra le linn táirgiú na bhfóinéimeanna. Chuaigh sé ar roinnt cuairteanna páirce go Rann na Feirste ag triall ar shaineolas agus ar mhaithe le caidreamh a choimeád le cainteoirí ar a bhfuil an tionscnamh ag brath. Lean Aoibheann Nic Dhonnchadha ar aghaidh le clárú na lámhscríbhinní leighis i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (uimh. 1314/4, 1319/2/6, 1315, 1341, 1435, 1436). Lean Brian Ó Curnáin air ag ullmhú monagraif ar Ghaeilge Achréidh na Gaillimhe, agus réitigh nótaí ar réimsí den fhoghraíocht agus den ghramadach. Chuaigh sé i mbun ábhar taifeadta ó Chonamara a thras-scríobh agus a aistriú go foirm dhigiteach agus a chlárú maidir le metashonraí, agus tá tús curtha aige le fardal fóinéimeach bunaithe ar na taifid pháirce i dtaca le feiniméin ar leith (srónáil,

sandhi, béim focal, stór focal, etc.). Bhí taighde ar siúl go leanúnach aige ar chor bheochanúintí na Gaeilge i gCúige Chonnacht go háirithe. Lean Pádraig Ó Macháin dá chuid taighde ar lámhscríbhinní na Gaeilge ag díriú go háirithe ar thionscnaimh a bhí comhcheangailte le obair ISOS. Sholáthair sé cuntas catalóige ar an mBunleabhar Gaeilge do Eilís I atá ar coimeád i dTeach Farmleigh agus scrúdaigh sé an comhchoibhneas atá idir an lámhscríbhinn sin agus 'An duanaire Nuinseannach' (Leabharlann Náisiúnta G 992) i dtaighde a fhoilseofar amach anseo (2012). Sholáthair sé taighde faisnéiseach ar stair agus peannaireacht na lámhscríbhinne Leabhar Leasa Móir le haghaidh taispeántais i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Lean sé ar aghaidh lena chuid obair eagarthóireachta ar fhilíocht neamhfhoilsithe le Fearghal Óg Mac an Bhaird, agus dhírigh go speisialta ar dhánta a cumadh ina óige atá le fáil sa lámhscríbhinn Adv. 72.2.14 (Leabharlann Náisiúnta na hAlban) agus in Acadamh Ríoga na hÉireann, uimh. 475 (24 P 25) ('Leabhar Clainne Suibhne'). Tá dlúthcheangal idir an obair seo agus tionscnamh eile atá ar bun aige a thabharfaidh faisnéis ar stair na nduanairí in aimsir Fhilíocht na Scol. Tá Michelle O Riordan ag scríobh leabhair ar fhilíocht pholaitiúil na Gaeilge san 17ú haois agus an comhthéacs cultúrtha a bhain léi. Beidh trácht anseo ar thaighde atá á dhéanamh aici ar fhéintuiscint an phobail Éireannaigh in aimsir an Éirí Amach i 1641 agus le linn Chromaill.

Lean Helen Imhoff (Scoláire Uí Dhonnabháin) dá cuid oibre ar eagrán de *Fáistine Airt meic Cuind* agus ag déanamh taighde ar chúlra stairiúil an téacsa. Réitigh sí alt ar lámhscríbhinní an scéil *Aided Chonchobair*. D'oibrigh Elliott Lash (Scoláire Uí Dhonnabháin) ar a tionscnamh chun parsáil uathoibrítheach a chur i bhfeidhm ar théacsaí Sean- agus Meán-Ghaeilge, agus ar fheidhmeanna an analaigh vs. athanailís ar mhaithe le tuiscint ar an athrú teangeolaíoch. Lean Anna Matheson (Scoláire Uí Dhonnabháin) ag réiteach ailt ina mbeidh trácht ar struchtúr an téacs dlí Sean-Ghaeilge *Do drúthaibh 7 meraibh 7 dásachtaibh* agus ar úsáid na dtéarmaí *cáeptha* agus *finelach* ann, agus tá sí ag ullmhú staidéir ar na téarmaí *drúth go rath* agus *mer gin rath* le haghaidh an chló. Chríochnaigh Sorcha Nic Lochlainn (Scoláire Uí Dhonnabháin ó Mheán Fómhair) alt léi, 'Making the foreign familiar: the Gaelicisation of the classical ballad', agus dhírigh sí isteach ar tionscnamh chun bailiúchán a réiteach (maraon le haistí tráchtairachta) d'amhráin a mhaireann i dtraidisiún na hÉireann agus na hAlban araon.

D'oibrigh Roisin McLaughlin (Comhalta IRCHSS) ar eagrán chriticiúla a réiteach de na téacsanna *In Lebor Ollaman*

collection with commentary of songs surviving in both Irish and Scottish tradition.

Roisin McLaughlin (IRCHSS Fellow) worked on critical editions of *In Lebor Ollaman* and *Mittelirishce Verslehen III*. She transcribed two Latin texts as part of her involvement in the School's *Leabhar Breac* project.

Irish Script on Screen (ISOS)

The work of the ISOS project continued, directed by Pádraig Ó Macháin. In January two important tasks were completed, viz. (i) digitisation of three manuscripts from the State Library, Victoria, in Australia (the images were installed on line accompanied by catalogue descriptions provided by Pádraig Ó Macháin); (ii) digitisation of five manuscripts from the collection of UCC (these images were installed online accompanied by descriptions by Professor Breandán Ó Conchúir). By agreement between the School of Celtic Studies and University College Cork work will continue on the digitisation of the manuscript collection in the Special Collections of the Boole Library, as part of which digital images of MS 1 (19th cent., scribe Seán Ó Cléirigh) are now available on the ISOS website.

The pilot scheme agreed with UCC led also to a request to ISOS to undertake the digitisation of the Book of Lismore, an important fifteenth-century manuscript in private ownership in Chatsworth House, Derbyshire. The manuscript was brought to UCC for exhibition in the Glucksman Gallery (July-October). The images were made in situ in England prior to the exhibition and these were used to mount a digital display with touch screen descriptions prepared by Pádraig Ó Macháin. It is planned that the complete set of images will be made available online in the ISOS website.

The existing collaboration between the School of Celtic Studies/ISOS and the National Library of Scotland was continued and saw completion of the digitisation of a further 10 manuscripts now available on the website. In all 48 manuscripts from the Scottish collection are now available through ISOS accompanied by comprehensive catalogue descriptions provided by Ronald Black.

In the context of the long-standing agreement with the Royal Irish Academy further 5 manuscripts from the sixteenth century were digitised (nos. 439, 466, 471, 479, 1), of which 4 are medical manuscripts. An additional 4 items from the Franciscan collection at University College

Dublin were digitised, viz. OFM-UCD MSS A7 (15th cent.), A15 (17th cent.), A18 (18th cent.), A23 (18th cent.).

A new collaboration between the School of Celtic Studies/ISOS and the Office of Public Works was arranged whereby ISOS agreed to provide digitised images of the sixteenth-century manuscript of an Irish Primer made for Queen Elizabeth I. The manuscript is preserved in the Benjamin Iveagh library in Farmleigh House under the care of the Office of Public Works and Marsh's Library. The images created by ISOS now available on the website were used to produce three facsimiles of the Primer. One facsimile was presented to Queen Elizabeth II on the occasion of her visit to Ireland in 2011. A second was presented by the Office of Public Works to Her Excellency Mary McAleese on the occasion of the completion of her term of office as President of Ireland. The third facsimile is on display in Farmleigh House.

GLOR

The GLOR project was initiated in 2004 to digitize tape recordings held by the School of Celtic Studies and make these available online. The electronic transfer is complete and all material in the collection is accessible (c. 60 hrs) (CD and Online). The process of cataloguing the files according to speaker, subject, date and place of recording was continued during the year by Aoibheann Nic Dhonnchadha.

LEABHAR BREAC

The preparation of a digital diplomatic edition of the fifteenth-century manuscript continued. The project is directed by Liam Breatnach and is being conducted with the cooperation of the Bergin Fellows and O'Donovan Scholars.

BILL

Alexandre Guilarte worked on the preparation of volume IV of the *Bibliography of Irish linguistics and literature* and continued the development of the electronic version of the bibliographical project e-BILL. Data relating to Irish language and literature was catalogued from the following journals as part of the year's work: *Béaloideas* (vols. 39-41), *International Journal of the Sociology of Language* (vol. 1-), *Irish Historical Studies* (vols. 18/69); *Münchener Studien zur Sprachwissenschaft* (Band 30-), *Irish Sword* (from vol. 10-), *North Munster Antiquarian Journal* (vol. 15-), *Ossory Laois and Leinster* (vol. 1-), *Studia Celtica Japonica* (vol. 1-). A full index was made of contributions to *Studia Celtica*.

Scoil an Léinn Cheiltigh (ar leanúint)

agus *Mittelirische Verslehren III*. Dhein sí tras-scríobh ar dhá théacs Laidine mar chuid dá páirtíocht sa tionscnamh ar *Leabhar Breac*.

Meamram Páipéar Ríomhaire (ISOS)

Leanadh ar aghaidh i rith na bliana le obair an tionscnaimh Meamram Páipéar Ríomhaire / ISOS (stiúrthóir Pádraig Ó Macháin). Tugadh dhá thionscnamh chun críche i mí Eanáir, viz. (i) cuireadh ar líne íomhánna maraon le cur síos catalóige (réitithe ag Pádraig Ó Macháin) a bhaineann le trí lámhscríbhinn Ghaeilge ón State Library, Victoria san Astráil; (ii) críochnaíodh an próiseas digitithe ar chúig cinn de lámhscríbhinní Gaeilge as cnuasach Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus cuireadh na híomhánna ar líne maraon le cuntas catalóige a sholáthair an tOllamh Breandán Ó Conchúir. Thángthas ar chomhaontú le Ollscoil Chorcaí go leanfar ar aghaidh feasta le digitiú an chnuasaigh lámhscríbhinní atá sna Bailiúcháin Speisialta i Leabharlann Boole, agus dá thoradh sin tá íomhánna de lámhscríbhinn uimh. 1 sa chnuasach (19ú haois, Seán Ó Cléirigh an scríobhaí) le fáil ar shuíomh líne ISOS cheana féin.

Toradh eile a bhí ar an scéim phiolóiteach idir Scoil an Léinn Cheiltigh agus údarás Leabharlann Boole ná gur iarradh ar ISOS a bheith freagrach as digitiú a dhéanamh ar Leabhar Leasa Móir, lámhscríbhinn tábhachtach ón 15ú haois atá i seilbh na n-úinéirí i Chatsworth House, Derbyshire, agus a tugadh go hOllscoil Chorcaí chun go gcuirfí ar taispeáint i san Glucksman Gallery (Iúil-Deireadh Fómhair). Deineadh an ghrianghrafadóireacht *in situ* i Sasana roimh an dtaispeántas, agus cuireadh íomhánna de na leathanaigh chun tairbhe i dteannta le cur síos orthu a réitigh Pádraig Ó Macháin i riocht digiteach do láithriú ar scáileán mar chuid den taispeántas. Tá sé beartaithe go mbeidh Leabhar Leasa Móir ar fáil i riocht digiteach ar shuíomh líne ISOS amach anseo.

Leanadh ar aghaidh i mbliana leis an scéim chomhoibrithe atá ar bun idir Scoil an Léinn Cheiltigh agus Leabharlann Náisiúnta na hAlban nuair a críochnaíodh an próiseas digitithe ar dheich gcinn breise de lámhscríbhinní ó chnuasach na Leabharlainne agus gur cuireadh in airde ar shuíomh an tionscnaimh ISOS iad. (Tá 48 lámhscríbhinn ar líne faoi seo ón gcnuasach seo, maraon le cuntais chatalóige réitithe ag Ronald Black.) Deineadh digitiú ar chúig lámhscríbhinn eile as cnuasach Acadamh Ríoga na hÉireann i rith na bliana (uimh. 439, 466, 471, 479, 1), ar lámhscríbhinní leighis ón 16ú haois ceithre cinn díobh. Deineadh digitiú ar cheithre lámhscríbhinn bhreise as

cnuasach na bProinsiasach atá sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, viz. OFM-UCD A7 (15ú haois), A15 (17ú haois), A18 (18ú haois), A23 (18ú haois).

Bunaíodh comhpháirtíocht nua i rith na bliana nuair a d'iarr Oifig na nOibreacha Poiblí ar Scoil an Léinn Cheiltigh/ISOS íomhánna digiteacha a chruthú de Ghraiméar Gaeilge ón 16ú haois a réitíodh mar bhunleabhar do Bhanríon Eilís I ('Elizabeth's Irish Primer'). Tá lámhscríbhinn an bhunleabhair ar coimeád mar chuid de Leabharlann Benjamin Íbh Eathach i dTeach Farmleigh faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí (i gcomhar le Leabharlann Marsh). Tá na híomhánna a chruthaigh ISOS in airde ar shuíomh líne an tionscnaimh maraon le tuairisc ar an lámhscríbhinn a réitigh Pádraig Ó Macháin. Bunaithe ar na híomhánna a sholáthair ISOS cruthaíodh trí cinn de mhacasamhla den Ghraiméar. Bronnadh macasamhail amháin mar bhronntanas Stáit ar an mBanríon Eilís II le linn na cuairte a thug sí ar Éirinn, 2011. Bhronn Oifig na nOibreacha Poiblí macasamhail eile ar Uacharán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa, ar éirí as oifig di an bhliain chéanna. Agus tá an tríú macasamhail ar taispeáint i dTeach Farmleigh.

GLOR

Is é atá in GLOR ná tionscnamh a bunaíodh i 2004 chun na téipeanna fuaime atá i seilbh Scoil an Léinn Cheiltigh a dhigitíú agus a chur ar fáil ar shuíomh idirlín na Scoile. Tá an t-aistriú leictreonach i gcrích agus tá teacht go leictreonach ar an ábhar uile sa chnuasach (c. 60 uair a chloig taifeadta) (dlúthdhiosca agus ríomhaire). Tá clárú sonraí na gcomhad (cainteoir, ábhar cainte, dáta agus láthair taifeadta) idir lámha ag Aoibheann Nic Dhonnchadha.



Scoil Samhraidh 2011.

Summer School 2011.

LIBRARY

The current phase of cataloguing continued directed by Margaret Irons (Kelly), Librarian. The work-experience programme FAS WPP1 enabled engagement of Jennifer Flynn who worked on the recataloguing of old library records. She transferred 2000 records from reference cards to the electronic library management system. Órla Ní Chanainn, Library Assistant, circulated regular updates on new acquisitions, journals and online resources. The service hours of the library were increased for the period of the International Summer School (18-30) and a large increase in visitor numbers was registered as compared with previous years. The library committee met in February, June and October to consider policy and strategy issues and to oversee current library developments. The library floor and furniture were renewed. Margaret Irons was active as a committee member of the Academic and Special Libraries Section of the Library Association of Ireland and attended seminars organised by LIR (HEAnet User Group) and ANTL (Academic and National Library Training Cooperative).

Statutory Lecture and TIONÓL 2011

Professor Liam Breatnach delivered the annual Statutory Lecture of the School of Celtic Studies (2011) entitled 'Poet and Scholar: The Education of the *Fili* in Early Medieval Ireland'. The lecture took place before a large audience in Trinity College Dublin on 18 November as part of the School's annual Tionól 2011.

Professor Fergus Kelly assisted by School Administrator Eibhlín Nic Dhonncha organised Tionól 2011, 18-19 November. A large attendance numbering more than 100 was present on both days, and more than 20 papers were delivered on various aspects of Celtic Studies as follows: 'The legal context of *Eachtra Fergusa maic Léti*' (Fangzhe Qiu, Oxford University); 'On the terms *drúth go rath* and *mer gin rath* in early Irish commentary' (Anna Matheson, DIAS); 'In ár Lazarusannaí ag imeacht: campa géibhinn an Churraigh agus bunús *Cré na Cille*' (Mícheál Briody, University of Helsinki); 'Hagiographical links in late medieval Welsh poems to saints' (Barry Lewis, University of Aberystwyth); 'Irish phonology: examining how contrast works' (Raymond Hickey, University of Duisburg); 'The Milan Glosses database' (Vienna University); 'The date of O'Mulconry's Glossary and its place in the Irish glossary tradition' (Pádraic Moran, NUI Galway); 'Henry Bradshaw, Old Breton and the edition of glossed texts' (Paul Russell,

Cambridge University); 'Irish words and phrases in the English of Massbrook, Co. Mayo: notes from the 1960s' (Fergus Kelly, DIAS); 'The world according to *'neimed'*: categorising space, people, and legal procedures in early medieval Ireland' (Riitta Latvio, University of Helsinki); 'Not missing the *bád*: a spoken language corpus for Irish' (Alessio Frenda, Trinity College Dublin); 'The *Mythologies* of Fulgentius in the Irish reconstruction of pagan antiquity' (Michael Clarke, NUI Galway); 'At the helm: some new light on early Irish monasticism' (Máirín Ní Dhonnchadha, NUI Galway); 'A text on judges and poets in the pseudo-historical prologue to the *Senchas Már*' (Roisin McLaughlin, IRCHSS/DIAS); 'The transmission of an abridged version of the Gospel of Nicodemus in Irish sources' (Caoimhín Breatnach, University College Dublin); 'Cormac's Glossary: the Book of Uí Mhaine version' (Patricia Kelly, University College Dublin); 'The Ó Cléirigh compilation of the Martyrology of Donegal' (Dan McCarthy, Trinity College Dublin); 'What was *findruine*?' (Niamh Whitfield, Dublin).

Seminars and lectures

Weekly seminars on Early Irish law texts and on Old Irish and Middle Irish prose and verse texts were conducted by Professor Liam Breatnach. Participants included scholars from both Trinity College Dublin and University College Dublin. Professor Pádraig Breatnach conducted seminars on Irish bardic poetry and Early Modern Irish prose.

Papers and lectures were delivered by staff at national and international conferences as follows:

Liam Breatnach

- 'Gráid na bhfilí in Éirinn fadó' (St Patrick's College, Dublin 9, 9 March);
- 'The education of the poet in early medieval Ireland' (*Irish Studies Symposium* University of Uppsala, 4 October);
- 'Daniel A. Binchy as a legal scholar' (Conference, *UCD Lawyers and Public Life: 100 Years of Activism and Influence*, Newman House, St Stephen's Green, Dublin, 12 November);
- Statutory Lecture of the School of Celtic Studies: 'Poet and scholar: the education of the *fili* in early medieval Ireland' (Trinity College Dublin, 18 November).

Scoil an Léinn Cheiltigh (ar leanúint)

Leabhar Breac

Stiúraigh Liam Breatnach an obair leanúnach ar eagrán dioplamáideach den Leabhar Breac le rannphairtíocht ó chomhaltaí Uí Aimirín agus scoláirí Uí Dhonnabháin.

BILL

Lean Alexandre Guilarte air ag réiteach ábhair don cheathrú imleabhar den *Bibliography of Irish linguistics and literature* agus leis an obair ar an leagan leictreonach den saothar bibleagrafúil e-BILL. Cláraíodh ábhar a bhain le léann teanga agus litríocht na Gaeilge as na hirisí seo leanas i rith na bliana: *Béaloideas* (iml. 39-41), *International Journal of the Sociology of Language* (ó iml. 1-), *Irish Historical Studies* (iml. 18/69); *Münchener Studien zur Sprachwissenschaft* (iml. 30-), *Irish Sword* (ó iml. 10 ar aghaidh), *North Munster Antiquarian Journal* (iml. 15-), *Ossory Laois and Leinster* (iml. 1-), *Studia Celtica Japonica* (iml. 1-). Cóiríodh liostaí d'fhoilseachán le scoláirí aitheanta agus críochnaíodh innéacs d'iontrálacha cláraithe as *Studia Celtica*.

Leabharlann

Leanadh den obair chláráithe reatha sa leabharlann stiúraithe ag an Leabharlannaí Margaret Irons (Kelly). Faoin scéim taithí shaothair FÁS WPP1 chaith Jennifer Flynn naoi mí ag obair ar thionscnamh athchláráithe na seantaifead leabharlainne, agus d'éirigh léi 2000 taifead a aistriú ó chartaí tagartha go dtí an córas bainistíochta leabharlainne leictreonach. Scaip an cúntóir leabharlainne Órla Ní Chanainn tuairiscí rialta ar leabhair nua-cheannaithe, irisí agus acmhainní ar líne ar fhoireann na Scoile. Méadaíodh ar uaireanta seirbhíse na leabharlainne le linn na Scoile Samhraidh (18-30 Iúil) agus cuireadh fáilte roimh níos mó cuairteoirí ná riamh cheana. Tháinig an coiste leabharlainne le chéile i mí Feabhra, mí an Mheithimh agus mí Deireadh Fómhair chun ceisteanna polasaí agus straitéise a phlé agus leas agus forbairt na leabharlainne a chur chun cinn. Deineadh athnuachan ar úrlár agus troscán na leabharlainne. Bhí Margaret Irons gníomhach mar bhall coiste i gCumann Leabharlanna na hÉireann agus d'fhreastail sí ar sheiminéir a d'éagraigh LIR (HEAnet User Group) agus ANTLC (Academic and National Library Training Cooperative) faoi seach.

Léacht Reachtúil agus TIONÓL 2011

An tOllamh Liam Breatnach a thug Léacht Reachtúil Scoil an Léinn Cheiltigh (2011) uaidh faoin teideal: 'Poet and scholar: The education of the *filli* in early medieval Ireland'. Reachtáladh an léacht i gColáiste na Tríonóide ar an 18 Samhain mar chuid de Tionól 2011, agus bhí pobal mór éisteachta i láthair.

An tOllamh Fergus Kelly a d'éagraigh Tionól 2011 ar an dá lá 18-19 Samhain i gcomhpháirt le riarthóir Scoil an Léinn Cheiltigh, Eibhlín Nic Dhonncha. Bhí slua mór (os cionn céad duine) i láthair ag na himeachtaí i gcaitheamh an dá lá agus léadh scór éigin de pháipéir ar ghnéithe éagsúla den Léann Ceilteach do réir an chláir mar seo leanas: 'The legal context of *Eachtra Fergusa maic Léti*' (Fangzhe Qiu, Ollscoil Oxford); 'On the terms drúth go rath and mer gin rath in early Irish commentary' (Anna Matheson); 'In ár Lazarusannaí ag imeacht: campa géibhinn an Churraigh agus bunús *Cré na Cille*' (Mícheál Briody, Ollscoil Helsinki); 'Hagiographical links in late medieval Welsh poems to saints' (Barry Lewis, Prifysgol Aberystwyth); 'Irish phonology: examining how contrast works' (Raymond Hickey, Ollscoil Duisburg); 'The Milan Glosses database' (Ollscoil Vienna); 'The date of O'Mulconry's Glossary and its place in the Irish glossary tradition' (Pádraic Moran, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh); 'Henry Bradshaw, Old Breton and the edition of glossed texts' (Paul Russell, Ollscoil Cambridge); 'Irish words and phrases in the English of Massbrook, Co. Mayo: notes from the 1960s' (Fergus Kelly); 'The world according to *'neimed'*: categorising space, people, and legal procedures in early medieval Ireland' (Riitta Latvio, Ollscoil Helsinki); 'Not missing the *bád*: a spoken language corpus for Irish' (Alessio Frenda, Coláiste na Tríonóide); 'The *Mythologies* of Fulgentius in the Irish reconstruction of pagan antiquity' (Michael Clarke, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh); 'At the helm: some new light on early Irish monasticism' (Máirín Ní Dhonnchadha, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh); 'A text on judges and poets in the pseudo-historical prologue to the *Senchas Már*' (Roisin McLaughlin); 'The transmission of an abridged version of the Gospel of Nicodemus in Irish sources' (Caoimhín Breatnach, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath); 'Cormac's Glossary: the Book of Uí Mhaine version' (Patricia Kelly, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath); 'The Ó Cléirigh compilation of the Martyrology of Donegal' (Dan McCarthy, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath); 'What was *findruine*?' (Niamh Whitfield, Baile Átha Cliath).

Seiminéir agus léachtaí

I rith na bliana bhí an tOllamh Liam Breatnach i bhfeighil ar sheiminéir i Scoil an Léinn Cheiltigh ar sheandlithe na hÉireann agus ar théacsáí próis agus filíochta Sean- agus Meán-Ghaeilge agus bhí scoláirí ó institiúidí eile i measc an lucht freastail. Bhí an tOllamh Pádraig Breatnach i bhfeighil ar sheiminéir ar an bhfilíocht chlasaiceach agus ar phrós na Nua-Ghaeilge Moiche ó mhí Deireadh Fómhair.

School of Celtic Studies (continued)

Pádraig A. Breatnach:

- 'Book hand and cursive in later Irish manuscripts: a problematic distinction' (*5^e rencontre internationale du séminaire permanent sur la cursivité*, Institut de recherche et d'histoire des textes (IRHT), Paris, 15 April 2011);
- 'Múnlaí seanamhrán i ndánta Aogáin Uí Raithile' (Conference, *Sealbhú an Traidisiúin*, Humanities Institute of Ireland, University College Dublin, 20 May 2011);
